# TUARASCÁIL Ó THIONÓIL SIONAID AN EARRAIGH

Deoise Chluain Fearta
Deoise na Gaillimhe, Chill Mhic Dhuach agus Chill Fhionnúrach

É I S T E A C H T

É A R G N A

A I S T E A R

M I S E A N

T O D H C H A Í

C O M H R O I N N T

C R U T H A I T H E A C H T

C O M A O I N

B A R Á N T Ú L A C H T

Bhí na paróistí seo a leanas rannpháirteach:

**Ó Dheoise Chluain Fearta:** Eachroim agus Cill Chonaill; Baile na Cille agus Daraidh Braoin; Béal Átha na Sluaighe, An Chríoch agus Cill Chluana; Baile Mhic an Bhaird agus Goirtín; Ceapaigh an tSeagail agus Cill Rícill; Cloch an Stuaicín agus Cill Chon Iarainn; Dún Doighre agus An Mhainistir; An Fhaiche agus Cill Chuáin; Cill Íomair agus Tír Chinn Eascrach; Cillín a Díoma agus An Aill; Cill Tulach, Cill Íomair Uí Dhálaigh agus Cluain Catha; Baile Mór Shíol Anmchadha agus Cill Tormóir; Liatroim agus Béal Átha Dúgáin; Baile Locha Riach; Lusmhaigh; Dún an Uchta, Cluain Fearta agus Míleac; Port Omna; Tíne agus An Cillín; agus An Ghráig agus An Luascán.

**Ó Dheoise na Gaillimhe, Chill Mhic Dhuach agus Chill Fhionnúrach:** Paróiste Ard-Eaglais Mhaighdean na Deastógála agus San Nioclás; An Spidéal; An Carn agus An Chéibh Nua; Paróiste Mhuire, An Cladach; Baile Chláir; Droichead an Chláirín; Creachmhaoil; Inis Díomáin agus An Leacht; An Gort agus An Bheitheach; Cinn Mhara; Lios Dúin Bhearna agus Cill Seanaigh; Muirbheach; An Baile Bán; an tAoire Maith; An Caisleán Gearr; Maigh Cuilinn; Órán Mór; Cill Aithnín; Paróiste San Aibhistín; Bóthar na Trá; agus Baile an Phoill.

# Cúlra

I gcaitheamh mhí an Mhárta, mhí Aibreáin agus mhí na Bealtaine 2025, thug Deoise Chluain Fearta agus Deoise na Gaillimhe cuireadh do dhaoine cead cainte a bheith acu sa chomhrá náisiúnta ar thodhchaí na hEaglaise in Éirinn. Agus é go láidir den tuairim gurbh iad na Comhairlí Tréadacha Paróiste nuabhunaithe, ar cuireadh oiliúint orthu le déanaí, príomh-mheáin na sionadachta ag an leibhéal áitiúil, d'iarr an Coiste Sionaid Idirdheoise ar gach Comhairle Thréadach Paróiste cruinniú a thionól ag a nglacfaidís páirt i gcleachtadh scafláilte le déanamh amach, i gcomhthéacs guí, céard ba cheart a bheith ar an gclár oibre i bplé ar thodhchaí na hEaglaise in Éirinn. Iarradh orthu ansin, trína thuilleadh éargna, na topaicí ar mhó an gá le dul i ngleic leo a shainaithint.

Bhí níos mó ná ceathracha Comhairle Thréadach Paróiste rannpháirteach agus sheol siad aiseolas isteach. Ag an am céanna leis sin, thug grúpa de thríocha sagart faoin gcleachtadh céanna. Toradh na bpróiseas sin ba bhonn le Le Chéile: Tionól do Bhaill Comhairlí Tréadacha Paróiste. Is é an lárionad nuabhunaithe An Ghailíl: Lárionad Múnlaithe do Mhisean agus Ministreacht a d'eagraigh an tionól a bhí ar siúl ar an 20 Bealtaine 2025 agus is iad Patricia Carroll, Uasal agus an tAth. Billy Swan a d'éascaigh é. D'fhreastail níos mó ná dhá chéad toscaire ó bhreis is seasca paróiste ar an tionól aon lae seo.




# An Plé

Tá an comhthéacs cultúrtha comhaimseartha, ina ndealraíonn sé gur diúltaíodh go forleathan don chreideamh Caitliceach agus dá chleachtadh, tar éis tús a chur le plé ar an gcaoi ar féidir daoine, go háirithe an t-aos óg, a spreagadh i dtreo creidimh. Tá an líon daoine a fhreastalaíonn ar shéipéil fós ag laghdú, is beag duine atá ag dul leis na sagairt, agus tá an chléir, agus na daoine a fhreastalaíonn ar an Aifreann, ag dul in aois. Is é an taithí atá ag a lán daoine ar an bparóiste agus pobal creidimh áitiúil ná gur soláthraithe seirbhísí reiligiúnacha iad seachas iad a bheith ina lárionaid chreidimh a thugann beatha do dhaoine. Tá meath ag teacht ar líon nach beag acu agus níl cuid acu inbhuanaithe ina múnla reatha.

Meastar uaireanta nach bhfuil aon samhlaíocht ag baint le liotúirgí agus nach bhfuil baint acu le saol an lae inniu. Níl ach tuiscint shimplí ag a lán Caitlicigh fhásta ar an gcreideamh, agus teastaíonn múnlú níos doimhne agus níos téagartha óna lán Caitlicigh óga ná mar atá á chur ar fáil faoi láthair. Is dúshlán mór é fós an creideamh a chur ar aghaidh, go mór mór taobh istigh de theaghlaigh agus go dtí an chéad ghlúin eile. Cé gur mór an chabhair iad na scoileanna, teastaíonn cineálacha eile caiticéise agus taithí ar an gcreideamh freisin sa bhaile agus taobh istigh den pharóiste nó pobal creidimh.

Tá sé ag dul dian ar thuataí agus ar an gcléir araon a ról taobh istigh d'fhís athnuaite den Eaglais a thuiscint agus a chur i bhfeidhm. Tá an mhian ag fás go mbeadh múnla ceannaireachta ann a bheadh níos rannpháirtíche agus a mbeadh comhfhreagracht ag baint leis, ag leibhéal an pharóiste agus san Eaglais níos leithne. Tá sé deacair teacht ar mhúnlú le haghaidh ministreachta, misin agus creidimh agus tá sé deacair freisin é a chur ar fáil. Is dúshlán mór é fós teachtaireacht an chreidimh a chur in iúl ar bhealach fónta i gcomhthéacs na haoise digití.



"NÍOR CHEART DÚINN DEARMAD A DHÉANAMH AIR GURB IAD ÁR GCOMHAIRLÍ TRÉADACHA AN LÉIRIÚ ÁITIÚIL IS INBHRAITE AR EAGLAIS SIONAID, ÁIT A MBÍONN SAGAIRT AGUS TUATAÍ AG OBAIR AGUS AG SIÚL LE CHÉILE MAR FHREAGRA AR GHLAOCH DÉ."

AN TEASPAG MICHAEL DUIGNAN

# Téamaí a Tháinig Chun Cinn

## I dtreo Athnuachana trí Éisteacht, Creideamh agus Saol an Phobail

Ba é an príomhthéama a tháinig chun cinn ó na próisis thuas ná cé chomh deacair is atá sé creidiúint sa tuiscint Chríostaí ar Dhia, agus san fhís Chaitliceach den saol, in Éirinn sa lá atá inniu ann. Bhí dlúthnasc aige sin le mian láidir tacú le pobail bheo chreidimh áitiúla a thugann beatha do dhaoine, a chuireann fáilte roimh dhaoine agus a bhíonn ag breathnú amach, agus na pobail chreidimh sin a chothú agus a fhorbairt. Sna pobail sin bheadh sagairt agus daoine ag obair as láimh a chéile i spiorad comhfhreagrachta dílse. Is pobail iad sin ina ndéantar ceiliúradh lánbhrí ar an gcreideamh, agus aird ar leith á tabhairt ar cheiliúradh Aifreann an Domhnaigh.

Aithníodh go soiléir na dúshláin a bhaineann leis an gcreideamh a chur ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile agus daoine óga a chur san áireamh ar bhealach suntasach i saol agus in adhradh paróistí áitiúla agus pobal creidimh. Ina thaobh seo, leagadh béim ar an ról atá ag scoileanna Caitliceacha áitiúla. Luadh go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le caidreamh a chothú le teaghlaigh óga. Labhair a lán rannpháirtithe faoin ngá atá ann le saibhreas ministreachtaí tuata a chothú agus a fhorbairt. Bhí mian fhorleathan inbhraite ann le haghaidh clár múnlaithe marthanach agus cuimsitheach—ar mhaithe le ministreacht, ullmhúchán do na sacraimintí lasmuigh den scoil, agus forbairt creidimh i gcoitinne.

Tháinig ceist na sagartachta, samhail mhinistreacht na sagart atá ag éabhlóidiú, agus glaonna chun na sagartachta, chun cinn freisin. Luaigh rannpháirtithe an tábhacht a bhaineann le caidreamh a chothú le daoine atá ar an imeall, a bheith oscailte do dhaoine eile, agus plé i gceart leis na nithe is cás le mná. Bhí mian dháiríre ann go mbeadh cumhdach fós ina thosaíocht shofheicthe agus leanúint de bheith ag tabhairt aghaidh ar oidhreacht na mí-úsáide. Cé gur aontaigh daoine le chéile den chuid is mó maidir leis na príomhthéamaí, bhí tuairimí éagsúla ann i dtaca lena dtábhacht i gcomparáid lena chéile.


Bhí comhaontú láidir ann maidir leis na príomhthéamaí a bhí ag teacht chun cinn. Dhéanfadh roinnt daoine rangú orthu a bheadh beagán difriúil. D’aontaigh/d’easaontaigh roinnt daoine maidir le luach na scoileanna Caitliceacha, ról na mban san Eaglais, múnlaí ullmhúcháin do na sacraimintí, múnlaí ministreachta do thuataí agus do shagairt, meáin nua-aimseartha chumarsáide a úsáid, etc.

# Príomhthéamaí a Tháinig Chun Cinn






- Cé chomh deacair is atá sé creideamh a bheith agat sa lá atá inniu ann, mar aon leis an mian go mbeadh tuiscint níos doimhne agat ar an gcreideamh agus an t-aistear i dtreo na tuisceana sin—ionas go mbeadh níos mó brí ag baint leis go pearsanta agus gur féidir é a roinnt agus a mhíniú níos fearr
- An creideamh a chur ar aghaidh, go mór mór go dtí daoine óga
- Teaghlaigh óga Chaitliceacha a chothú
- Paróistí agus pobail chreidimh áitiúla atá beoga agus a chuireann fáilte roimh dhaoine a chruthú
- Sagairt agus daoine ag obair as láimh a chéile i spiorad na comhfhreagrachta
- A bheith i do shagart sa lá atá inniu ann: samhlacha athraithe den mhinistreacht oirnithe agus ceist na nglaonna chun na sagartachta
- Ceiliúradh lánbhrí ar an gcreideamh, go háirithe liotúirgí an Domhnaigh a cheiliúradh
- Ról na scoileanna Caitliceacha ó thaobh an creideamh a mhúnlú agus a chur ar aghaidh
- An gá atá ann le múnlú: le go mbeidh creideamh aibí ag daoine, le haghaidh misin, agus le haghaidh ministreachta



Táimid ag iarraidh a bheith inár nEaglais sionaid, Eaglais a bhíonn ag gluaiseacht chun tosaigh, Eaglais a bhíonn ar lorg na síochána i gcónaí, a bhíonn ar lorg na carthanachta i gcónaí, a bhíonn i gcónaí ag iarraidh a bheith gar dóibh siúd atá ag fulaingt. An Pápa Leon XIV

# Focal Scoir

Ó tharla gur bhaill ghníomhacha dá bparóistí agus dá bpobail chreidimh iad na daoine a ghlac páirt sa phróiseas seo a bheag nó a mhór, bhí tiomantas láidir don chreideamh Caitliceach agus don fhís Chaitliceach den saol le brath. Chomh maith leis sin bhí brón ar dhaoine faoin meath ar chreideamh, ar chleachtadh reiligiúnach agus ar shaol na bparóistí, ach bhí creideamh láidir ann freisin go bhfuil an Spiorad Naomh i measc phobal Dé. Bhí mian inbhraite ann an dé a chur ar ais sa chreideamh ionas go mbeadh glúnta atá fós le teacht in ann taitneamh a bhaint as an lúcháir, as an mbrí, agus as an gclaochlú pearsanta agus pobail a thagann ó shaol creidimh agus ó phobal creidimh beoga.


Cuireadh an tuarascáil seo faoi bhráid an Ghrúpa Stiúrtha Sionaid Náisiúnta chun cur lena n-éargna ar threo Chonair Shionaid na hÉireann amach anseo.











IUBHAILE 2025

OILITHRIGH AN DÓCHAIS

WWW.ANGHAILIL.IE
WWW.CLONFERTDIOCESE.IE
WWW.GALWAYDIOCESE.IE